Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais na hOifige Luachála lena n-áirítear mionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin gCuntas Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas i rith na bliana.

Dlitear barrachas €3.406 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas maidir le Prionsabail agus Beartais Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas rialála inmheánach den éifeacht á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Oifig Luachála maidir le cúrsaí airgeadais. Is i gcomhthéacs na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus a leagtar de chúraimí eile orm i mo Cheann Oifige dom a chomhlíontar an fhreagracht sin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Ar bhonn seirbhísí comhroinnte ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuirtear feidhmeanna acmhainní daonna ar fáil. D'aistrigh an fheidhm párolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i mí an Mheithimh 2017. Is é Príomhfheidhmeannach na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 agus is é atá freagrach maidir leis na rialuithe a fheidhmiú laistigh de na hionaid seirbhísí roinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Phríomhfheidhmeannach na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Gnáis rialála maidir le cúrsaí riaracháin agus tuairiscíocht bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creatchóras ar bun maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscí rialta bainistíochta lena ngabhann deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ar siúl lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta maidir le cúrsaí baoil ar siúl san Oifig Luachála
- go bhfuil córais ar bun d'fhonn slándáil na gcóras TEC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí á bhfeidhmiú maidir le hinfheistíocht caipitil a rialú agus disciplíní foirmeálta maidir le bainistíocht tionscadail.

***Comhlíontas soláthair***

Cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Chloígh an Oifig Luachála leis na treoirlínte soláthair ach bhí orm conradh amháin a raibh luach €38,210 leis a nochtadh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002. Baineann an conradh le fochóras TE atá ann a chuaigh in éag in Eanáir 2019 agus glacadh cinneadh síneadh a chur leis an gconradh go dtí go mbeidh córas nua ar fáil sa bhliain 2021.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil iniúchadh inmheánach mar fheidhm de chuid na hOifige Luachála lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Tagann an obair faoi scáth na hanailíse ar an mbagairt a bheadh ann ó thaobh cúrsaí airgeadais don Oifig Luachála agus bunaítear an plean bliantúil don iniúchadh inmheánach, arna aontú agamsa, ar an anailís chéanna sin. Féachtar, trí na pleananna sin, le béim a leagan ar na rialuithe príomhthábhachta arís agus arís eile i ndiaidh a chéile i rith tréimhse réasúnta ama. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Luachála a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig Luachála agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht, nuair is ábhartha agus in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánaigh sna ráitis airgeadais maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**John O’Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

29 Meitheamh 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

## Vóta 16 An Oifig Luachála

# Cuntas Leithreasa 2019

| | 2019 Soláthar measta €000 | 2019 Toradh €000 | 2018 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas cláir** | | | |
| A Seirbhís Luachála Stáit a chur ar fáil | 12,743 | 10,099 | 9,248 |
| B Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála | 1,349 | 711 | 669 |
| **Ollchaiteachas** | **14,092** | **10,810** | **9,917** |
| *Lúide* | | | |
| **C Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,362** | **1,486** | **1,788** |
| **Glanchaiteachas** | **12,730** | **9,324** | **8,129** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| **Barrachas le géilleadh** | **3,406,216** | **2,310,642** |

**John O’Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

29 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 1,094 | 558 |
| Pá | | 7,400 | 7,289 |
| Neamhphá | | 2,316 | 2,070 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,810** | **9,917** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,486** | **1,788** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,324** | **8,129** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (88) | | |
| Dímheas | 118 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | 32 | 73 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (237) | | |
| Méadú ar stoc | — | (237) | 32 |
| **Caiteachas díreach** | | **9,119** | **8,234** |
| **Caiteachas a d'eascair in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,644 | 5,832 |
| **Glanchostas cláir** | | **14,763** | **14,066** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 16 a d'eascair in áit éigin eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,199 | 4,008 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,431 | 1,811 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 14 | 13 |
| | | **5,644** | **5,832** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 217 | 249 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 271 | 123 |
| Stoic | | 20 | 20 |
| Réamhíocaíochtaí | | 115 | 70 |
| Ioncam fabhraithe | | 191 | 89 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 93 | 93 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | — | 8 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 690 | 403 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 128 | 182 |
| Ioncam iarchurtha | | 150 | 186 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 363 | 224 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 1 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 642 | 592 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 48 | (189) |
| **Glansócmhainní** | | **265** | **60** |
| **Arna Léiriú ag: Cuntas an mhaoinithe Stáit** | 2.6 | **265** | **60** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Oifig agus trealaimh TF | Troscán agus eistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 1,687 | 1,130 | 2,817 |
| Suimeanna Breise | 83 | 5 | 88 |
| Diúscairtí | (66) | (1) | (67) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2019 | 1,704 | 1,134 | 2,838 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 1,504 | 1,064 | 2,568 |
| Dímheas don bhliain | 103 | 15 | 118 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (64) | (1) | (65) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | 1,543 | 1,078 | 2,621 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **161** | **56** | **217** |
| Glansócmhainní amhail an Dé Luain 31 Nollaig 2018 | 183 | 66 | 249 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | 38 | 9 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 233 | 114 |
| | **271** | **123** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim pas taistil a fhéadfar a fhorchúiteamh | 82 | 88 |
| Iarmhéideanna dochair eile - míreanna fionraí | 11 | 5 |
| | **93** | **93** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 131 | 128 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 73 | 67 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 114 | 7 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 2 |
| Aoisliúntas | 20 | — |
| | 338 | 204 |
| Dliteanais Ilghnéitheacha | 25 | 20 |
| | **363** | **224** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 3,406 | 2,311 |
| Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste | (3,405) | (2,319) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **1** | **(8)** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 271 | 123 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 93 | 93 |
| | 364 | 216 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (338) | (204) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (25) | (20) |
| | (363) | (224) |
| | **1** | **(8)** |

## 2.6 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 60 | 165 |
| Íocaíochtaí amach as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 12,730 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (3,406) | | |
| Glanvóta | | | 9,324 | 8,129 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 5,644 | 5,832 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (14,763) | (14,066) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **265** | **60** |

## 2.7 Tiomantais

| Amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na dtiomantas atá infheidhmithe le dlí | **981** | **494** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,610 | 7,400 | 7,289 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 271 | 292 | 259 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 885 | 842 | 883 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 105 | 176 | 136 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 777 | 835 | 630 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 161 | 98 | 112 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta; luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais | 60 | 73 | 50 |
| | | **10,869** | **9,716** | **9,359** |

### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar measta: €777,000, toradh: €835,000.*

Bhain an róchaiteachas le costais bhreise a d'eascair as:

- cumarsáid le cliaint i ndáil leis an gclár Athluacháil 2019
- uasghrádú a dhéanamh ar bhunachar sonraí luachála na hOifige, agus ar an gcaoi sin síneadh a chur lena shaol úsáideach
- obair a bhain le hanailís réamhsholáthair agus bunachair sonraí a ghlanadh sular tugadh faoin bpróiseas iomaíoch le *AXIA* a fháil, an córas luachála nua.

## Clár A Soláthar Seirbhíse Luachála Stáit

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 8,221 | 7,198 | 7,108 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,299 | 1,807 | 1,582 |
| A.3 | Táillí abhcóidí agus speansais dlí eile | 73 | 112 | 5 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 3,150 | 982 | 553 |
| | | **12,743** | **10,099** | **9,248** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €2.64 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €515,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana.

**A.4 Tionscadail náisiúnta athluachála**

*Soláthar measta: €3.15 milliún, toradh: €982,000*

Cuireadh moill ar thús a chur le conradh seachfhoinsithe athbhreithnithe ar feadh cúpla mí de bharr gníomh tionsclaíochta. Bhí gannchaitheamh mar thoradh air sin in 2019.

## Clár B Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 389 | 202 | 181 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 960 | 509 | 488 |
| | | **1,349** | **711** | **669** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an staid a bhain le Clár B €638,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**B.1 Riarachán - pá**

*Soláthar measta: €389,000, toradh: €202,000*

Bhí costais tuarastail níos ísle ná mar a bhí measta de bharr nár réadaíodh na huimhreacha foirne. Tá athbhreithniú déanta ar an mBinse Luachála agus tá tuilleadh foirne á lorg anois don bhliain 2020 ar aghaidh.

**B.2 Riarachán - neamhphá**

*Soláthar measta: €960,000, toradh: €509,000*

Níor réadaíodh meastacháin don Bhinse Luachála de bharr srianta acmhainní, go háirithe i ndáil le líon na seomraí éisteachta atá ar fáil chun éisteachtaí comhuaineacha a éisteacht.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | 100 | 431 | 53 |
| 2 | Deimhnithe luachála | 120 | 110 | 107 |
| 3 | Táillí athbhreithnithe luachála | 800 | 671 | 1,286 |
| 4 | Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | — | — | — |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 25 | 44 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 277 | 249 | 298 |
| | | **1,362** | **1,486** | **1,788** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €124,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

**1 Táillí achomhairc an Bhinse Luachála**

*Measta: €100,000, réadaithe: €431,000*

Fuarthas líon suntasach achomharc de bharr deimhnithe luachála deiridh, a d’eisigh an Oifig Luachála, a bhain leis an gcéim deiridh d'Athluacháil 2019 an Chláir Athluachála Náisiúnta. Fuarthas líon mór achomharc i ndáil leis na táillí achomhairc dá bharr le linn na tréimhse sin.

**3 Táillí athbhreithnithe luachála**

*Measta: €800,000, réadaithe: €671,000*

Thug an Oifig líon mór d'obair athbhreithnithe chun críche sa bhliain 2019. In ainneoin na hiarrachta sin, de bharr go raibh moill i gceist le conraitheoir a fhostú a bhí páirteach i gcuid den obair athbhreithnithe a thabhairt chun críche, cuireadh líon níos ísle de chásanna athbhreithnithe críochnaithe isteach ná mar a bhí measta roimh dheireadh na bliana 2019 agus bhí laghdú ar an ioncam a bhí tuartha ó tháillí mar thoradh air sin. Táthar fós i mbun an tionscadail sin.

## Nóta 5 Foireann a Sholáthar agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 134 | 130 |

### 5.2 Pá

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 6,743 | 6,649 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 82 | 103 |
| Liúntais eile | 14 | 9 |
| Ragobair | 12 | 10 |
| ÁSPC an fhostóra | 549 | 518 |
| **Pá iomlán** | **7,400** | **7,289** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faigh-teoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 22 | — | 8,274 | 11,605 |
| Liúntais eile | 3 | — | 4,693 | 4,693 |
| Ragobair | 10 | — | 6,660 | 5,638 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 17 | 1 | 11,353 | 11,605 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €61,805 ar an iomlán le ceathrar státseirbhíseach ar scor, atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 i gceist leis na táillí sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais dlí

| | Líon na gcásan na | Costais dlí a d'íoc an Oifig | Cúiteamh a bronnadh | Costais dlí a bronnadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh arna ndéanamh bhall den phobal | 2 | 3 | — | 85 | 88 | — |
| Costas a bronnadh a d'eascair as achomhairc chuig an mBinse Luachála | 1 | — | — | 28 | 28 | — |
| | | **3** | **—** | **113** | **116** | — |

### 6.2 Cónascadh

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, glacadh cinneadh Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chónascadh. Tailte Éireann a bheidh ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcónascadh sin. Tá gá le reachtaíocht phríomha chun an t-eintiteas nua a bhunú. Is gearr go mbeidh an Bille um Thailte Éireann d'fhonn foráil a dhéanamh don chónascadh tugtha chun críche agus cuirfear os comhair an Oireachtais é nuair a bheifear ábalta de réir an sceidil.

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine, agus tá sí freagrach chomh maith as Tailte Éireann a bhunú.

Tá Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Thailte Éireann, a ceapadh an 1 Iúil 2013, ag obair ar phlean mionsonraithe a fhorbairt chun an t-eintiteas nua a bhunú. Leanfaidh seisean de bheith ag obair le Cláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal, leis an bPríomhoifigeach Suirbhéireachta agus le comhaltaí eile Bhord na gClár maidir leis an mbonneagar atá de dhíth don eagraíocht nua a phleanáil agus a leagan amach. Tá *DHPLG* ag cur treorach agus tacaíochta ar fáil do Bhord na gClár maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcónascadh.

Tá socruithe cóiríochta curtha i bhfeidhm do Thailte Éireann ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus cuirfear ar bun iad ag tús na bliana 2022.

Leanfaidh an Oifig Luachála d'aon tacaíocht is gá a chur ar fáil chun go mbeifear ábalta Tailte Éireann a bhunú.

Nuair a bhunófar é, beidh Tailte Éireann freagrach as an gcóras údarásach clárúcháin maoine, bonneagar údarásach mapála agus suirbhéireachta agus as seirbhís údarásach luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Sa cháil sin, beidh an eagraíocht ina príomhfhoinse náisiúnta eolais maidir le maoin agus sonraí geospásúla agus féachfaidh sí le bheith ina heiseamláir chun seirbhísí eolais talún a fhorbairt agus a chur ar fáil.